
# Sábháilteacht ar Bhóithre Thuaisceart Éireann, Plean go dtí 2020. Achoimre



DOE
Department of the Environment
www.doeni.gov.uk



Leagan Soléite de:


Fís 2020:
Sábháilteacht ar Bhóithre a Thiomáint chun Cinn

# Cad tá sa pháipéar seo

Leathanach




Focal ón Aire Comhshaoil....................... 1



Faoin Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre........... ..................................... 4



B'fhearr linn dá mbeadh ár mbóithre mar seo................................................ 5




Na rudaí a chaithfimid a athrú................. 6



Na bearta a dhéanfaimid le hathruithe a bhaint amach.......................................8


# Focal ón Aire Comhshaoil



Tá sé de dhualgas orm a chinntiú go bhfuil sé sábháilte na bóithre a úsáid i dTuaisceart Éireann.



Thug roinnt mhaith daoine smaointe dúinn don phlean seo agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghábháil leo.



Bhí plean eile againn ach tá gá le ceann úr mar go bhfuil an ceann deireanach críochnaithe anois, agus tá i bhfad barraíocht daoine á marú nó á ngortú ar ár mbóithre go fóill.




Cuideoidh an plean seo linn smaointe úra agus teicneolaíocht úr a úsáid lena chinntiú go bhfuil gach duine sábháilte.

Beidh cuidiú breise de dhíth ar dhaoine agus ar áiteanna áirithe


Ina measc tá:



- bóithre tuaithe




- ceantair atá níos boichte



- tiománaithe atá níos óige.



Táimid ag baint úsáide as cuid de na smaointe cheana féin le cuidiú linn beathaí a shábháil.




Iarrann an plean ar gach duine a úsáideann na bóithre smaoineamh faoin dóigh ar féidir leo iad a dhéanamh níos sábháilte.




Má oibríonn gach duine le chéile, is féidir lenár gcuid bóithre a bheith chomh sábháilte le háit ar bith eile ar domhan.



**Edwin Poots MLA**
**An tAire Comhshaoil**

# Faoin Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre



Labhraíonn an plean faoi na nithe seo a leanas:

- b'fhearr linn dá mbeadh ár mboithre mar seo




- na rudaí a chaithfimid a athrú



- na bearta a dhéanfaimid le hathruithe a bhaint amach.

# An dóigh ar mhaith linn ár mbóithre a bheith



Táimid ag iarraidh go mbeadh sé chomh sábháilte na bóithre i dTuaisceart Éireann a úsáid agus atá sé áit ar bith eile ar domhan



Chuige sin, beidh orainn na nithe seo a leanas a chinntiú i dtaca le gach duine atá ábalta cuidiú linn an sprioc sin a bhaint amach. Ba chóir go mbeadh:

- eolas maith acu




- gach duine sásta smaointe a roinnt faoin dóigh le bearta a dhéanamh





- gach duine sásta oibriú le chéile le haontú ar cad tá le déanamh.

# Na rudaí a chaithfimid a athrú


Caithfimid:



- a chinntiú go bhfuil níos lú daoine á marú nó á ngortú ar na bóithre



- bóithre tuaithe a dhéanamh níos sábháilte



- tiománaithe óga agus gluaisrothaithe a choinneáil níos sábháilte




- daoine a stopadh ó bheith ag briseadh an dlí trí thiomáint go contúirteach faoi thionchar an óil nó faoi thionchar drugaí



- éirí níos fearr ó thaobh tuairimí daoine a iarraidh maidir leis an dóigh ar féidir bóithre a dhéanamh níos sábháilte.



D’amharc muid ar líon na ndaoine a maraíodh nó a gortaíodh i dtimpistí bóithre idir 2004 agus 2008.





Faoi 2020 táimid ag iarraidh é sin a laghdú go dtí leath an méid sin daoine ar a laghad.




Sábhálfaidh sé sin airgead chomh maith le beatha daoine.

# Na bearta a dhéanfaimid le hathruithe a bhaint amach




Nuair a scríobh muid an plean shíl muid faoi na nithe seo a leanas:

- bóithre



- feithiclí



- daoine a úsáideann bóithre.





Déanfaimid na bearta seo a leanas:


- seiceáil cé acu táimid ag múineadh gach rud do dhaoine óga faoi shábháilteacht ar bhóithre



- bealaí úra a aimsiú le cuidiú le daoine óga na bóithre a úsáid go sábháilte




- bealaí níos fearr a fháil le tiománaithe úra a thastáil lena chinntiú go gcoinneoidh siad ag foghlaim faoi shábháilteacht ar bhóithre




- iarr ar dhaoine a gcuid tuairimí a thabhairt ar ár smaointe maidir le rialacha difriúla faoi choinne tiománaithe úra




- oiliúint a thabhairt do níos mó tiománaithe a bhriseann an dlí




- bealaí difriúla a aimsiú le pionós a chur a dhaoine a bhriseann dlithe faoi shábháilteacht ar bhóithre




- cinneadh a dhéanamh cé acu bheadh bóithre ní ba shábháilte dá gcuirfimis iallach ar thiománaithe dul níos moille



- oibriú leis an chuid eile den Ríocht Aontaithe agus le Poblacht na hÉireann le feithiclí agus bóithre a dhéanamh níos sábháilte



- grúpaí daoine a bhunú le pleanáil cad é mar is féidir cineálacha éagsúla taistil a dhéanamh níos sábháilte




- a chinntiú go n-oibreoidh seirbhísí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann le chéile le daoine atá gortaithe i dtimpistí a shábháil.



Chuaigh muid i dteagmháil leis an phobal cheana féin maidir le cad a thig linn a dhéanamh le deireadh a chur le daoine a bheith mar údar timpistí trí bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil.



Táimid ag dul an dlí a athrú ionas:

- nach mbeidh cead ag tiománaithe an oiread sin alcóil ná aon alcól ar chor ar bith a ól agus iad ag tiomáint



- gur féidir linn níos mó tiománaithe a sheiceáil le fáil amach cé acu bhí siad ag ól



- gur féidir linn pionóis níos troime a chur ar thiománaithe a thiomáineann faoi thionchar an óil.



Caithfimid deireadh a chur le daoine a bhíonn ag tiomáint faoi thionchar drugaí fosta agus b’fhéidir go dtiocfadh dlí úr i bhfeidhm faoin ábhar sin.




Nuair a bheimid ag déanamh dlíthe úra féachfaimid agus smaoineoimid ar a bhfuil ag tarlú sa chuid eile den RA fosta.

**Road Safety and Vehicle Regulation Division**
Clarence Court
10 - 18 Adelaide Street
Belfast, BT2 8GB

Déan teagmháil le Pauline Moore:

Guthán: **02890 541 141**

Ríomhphost: **pauline.moore@doeni.gov.uk**

Facs: **02890 540 681**

Téacsfón: **028-90-540641**

Láithreán Gréasáin: **www.roadsafetyni.gov.uk**



## Creidiúintí

Dhear agus tháirg an tseirbhís EasyRead ag Inspired Services Publishing Ltd. an páipéar seo don Roinn Comhshaoil.

Tag. ISL308/10. Eanáir 2011.

Fuarthas an obair ealaíne ón bhailiúchán Clipart Daoine a Luacháil agus ní féidir í a úsáid áit ar bith eile gan cead i scríbhinn ó Inspired Services Publishing Ltd.

Le teagmháil a dhéanamh le
Inspired Services féach ar:

**www.inspiredservices.org.uk**